

Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte

Seicliosta Fostóra 5 - Glantachán agus Díghalrú

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Cabhróidh an seicliosta seo leat bearta breise glantacháin agus díghalraithe a chur i bhfeidhm i d'ionad oibre. Is féidir eolas mionsonraithe faoi ghlantachán agus díghalrú a fháil [anseo](#).

Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.Gov.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie agus www.hsa.ie

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	Nósanna Imeachta agus Eolas			
1.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun an chomhairle sláinte poiblí is deireanaí ón Rialtas a sheiceáil agus coinneáil ar an eolas faoi, agus chun do nósanna imeachta glantacháin a athrú de réir na comhairle sin?			
2.	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun glantachán cuimsitheach agus rialta a dhéanamh ar dhromchlaí a leagtar lámh orthu go minic?			
3.	Más gá dromchlaí éilithe a dhíghalrú, an bhfuil sé sin ar bun i ndiaidh an ghlantacháin?			
4.	An bhfuil na dromchlaí seo a leanas a leagtar lámh orthu go minic i do phlean glantacháin? Mar shampla: <ul style="list-style-type: none">• cláir bord agus deasc• murláin dorais agus lasca solais• leithris agus doirse seomraí leithris, sconnáí• cianrialtáin• citil, meaisíní caife, tóstaeir, micreathonnáin, murláin cuisneora• dromchlaí cistine agus murláin cófraí?			
5.	An bhfuil dromchlaí a leagtar lámh orthu go minic ag breathnú glan i gcónaí agus á nglanadh faoi dhó sa lá ar a laghad?			
6.	An bhfuil seomraí níocháin agus dromchlaí i limistéir chomhroinnte á nglanadh faoi dhó sa lá ar a laghad agus nuair a bhreathnaíonn siad salach?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
7.	An bhfuil ábhair ghlantacháin ar nós díghalráin nó ceirtíní tugtha do na hoibrithe chun a spás oibre féin a choinneáil glan?			
8.	An bhfuil an méid atá le déanamh chun a spás oibre féin a choinneáil glan mínithe do na hoibrithe?			
9.	Tá na hoibrithe freagrach as glantachán na n-earraí pearsanta a thugtar isteach chuig an obair agus ar dócha go n-úsáidfear iad i rith na hoibre nó sosanna e.g. fón póca. An bhfuil sé ráite leis an hoibrithe earraí pearsanta a thugann siad leo chuig an obair, ar nós fóin phóca, a ghlanadh, gan iad a leagan ar dhromchlaí comhroinnte nó go mbeidh orthu an dromchla sin a ghlanadh nuair a bhaintear an t-earra pearsanta uaidh?			
10.	An bhfuil boscaí bruscair nach gá lámh ná cos a leagan orthu ar fáil, nuair is féidir?			
11.	An bhfuil socruithe i bhfeidhm chun boscaí bruscair a fholmhú go rialta agus go sábháilte?			
12.	An bhfuil dóthain ábhair ghlantacháin ar fáil chun tabhairt faoin nglantachán breise?			
13.	An bhfuil oiliúint sna socruithe nua glantacháin curtha ar an bhfoireann glantacháin?			
14.	An bhfuil treoir tugtha don fhoireann na treoracha ar lipéad an táirge nó ar an mBileog Sonraí Sábháilteachta a léamh agus cloí leo sula n-úsáidtear aon táirge glantacháin agus an bhfuil sé ráite leis na glantóirí PPE cuí a chaitheamh nuair is ábhartha?			
15.	Má dúradh leis an bhfoireann glantacháin lámhainní a chaitheamh agus iad ag glanadh, an bhfuil siad ar an eolas go gcaithfidh siad a lámha a ní go maith le gallúnach agus uisce sula gcuireann siad na lámhainní orthu agus ina dhiaidh?			
16.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun éadaí glantacháin agus ceirtíní úsáidte a dhiúscairt i mála bruscair? (Molann an treoir reatha ó FSS gur cheart dramhaíl ar nós dramhaíl ghlantacháin, ciarsúr, etc., ó dhuine a meastar go bhfuil COVID-19 orthu, a chur i mála laistigh de mhála agus a stóráil i limistéar slán ar feadh 72 uair an chloig sula gcuirtear leis an ngnáthbhruscar le bailiú é.)			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
17.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go mbíonn trealamh glantachán in-athúsáidte, cinn mapaí agus éadaí neamh-indiúscartha ina measc, glan sula n-athúsáidtear iad?			
18.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar trealamh ar nós buicéad a fholmhú agus a ghlanadh le tuaslagán úr díghalráin sula n-athúsáidtear iad?			
	Eolas Breise			

Ainm: _____ Síniú: _____ Dáta: _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailleanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.